CINNEADH Uimh. 130/2019 ó CHOMHCHOISTE LEE

an 8 Bealtaine 2019

lena leasaítear Iarscríbhinn XIX (Cosaint Tomhaltóirí) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/2027]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("Comhaontú LEE"), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1125/2014 ón gCoimisiún an 19 Meán Fómhair 2014 lena bhforlíontar Treoir 2014/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála maidir le híosmhéid airgid an árachais slánaíochta gairmiúla nó na ráthaíochta inchomparáide a chaithfidh a bheith ag idirghabhálaithe creidmheasa ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Ba cheart Iarscríbhinn XIX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 7h (Treoir 2008/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn XIX a ghabhann le Comhaontú LEE:

"7ha. **32014 R 1125:** Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1125/2014 ón gCoimisiún an 19 Meán Fómhair 2014 lena bhforlíontar Treoir 2014/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála maidir le híosmhéid airgid an árachais slánaíochta gairmiúla nó na ráthaíochta inchomparáide a chaithfidh a bheith ag idirghabhálaithe creidmheasa (IO L 305, 24.10.2014, lch. 1)."

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1125/2014 san Ioruais agus san Íoslainnis, atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2019, ar an gcoinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 125/2019 ó Chomhchoiste LEE an 8 Bealtaine 2019 ([2]), cibé acu is déanaí.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Bealtaine 2019.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Claude MAERTEN

([1]) IO L 305, 24.10.2014, lch. 1.
(*) Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.
([2]) IO L 321, 12.12.2019, lch. 176.